Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Márta 2024
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0277(COD)**

**7962/1/24**
**REV 1**

**CODEC 844**
**AUDIO 39**
**DIGIT 83**
**MI 336**
**DISINFO 42**
**FREMP 157**
**COMPET 348**
**EDPS 6**
**DATAPROTECT 152**
**JAI 501**
**SERVICES 23**
**POLGEN 63**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh seirbhísí meán sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 2010/13/AE (An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 16 Meán Fómhair 2022, chuir an Coimisiún a thogra [1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 14 Nollaig 2022[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 16 Márta 2023[3].

[1] 12413/22 + ADD 1 go 5.
[2] IO C 100, 16.3.2023, lch. 111.
[3] IO C 188, 30.5.2023, lch. 79.

4. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh an 11 Samhain 2022[4].

5. An 13 Márta 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[5]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 4/24 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, agus an Ungáir ag vótáil ina choinne.

7. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle in ADD 1 REV 1 a ghabhann leis an nóta seo.

8. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[4] IO C 487, 22.12.2022, lch. 9.
[5] 7535/24.